C/2026/4357

11.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12543 — INEOS / SINOPEC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4357)

1. An 31 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— China Petroleum & Chemical Corporation ('Sinopec', an tSín),

— INEOS AG ('INEOS', an Eilvéis).

Gheobhaidh Sinopec agus INEOS rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa peitriliam agus peitriceimiceáin a bhfuil a cheanncheathrú aige i mBéising é Sinopec,

— Is ilchuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach é INEOS a tháirgeann raon ceimiceán lena n-áirítear peitriceimiceáin, ceimiceáin speisialtachta agus táirgí ola.

3. Beidh gléasra poileitiléine ard-dlúis in Tianjin, Daon-Phoblacht na Síne, faoi úinéireacht an Chomhfhiontair agus oibreoidh sé é, agus déanfaidh sé táirgí poileitiléine ard-dlúis éagsúla a mhonaraítear sa ghléasra i nDaon-Phoblacht na Síne a thráchtálú agus a dhíol.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12543 — INEOS / SINOPEC / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË